Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Comhairle Contae Fhine Gall
# An Rannóg Pobail, Cultúir agus Spóirt

# Beartas maidir le hÚsáid Seomra Cruinnithe agus Halla le haghaidh Saoráidí arna maoiniú faoin Scéim Mhaoiniúcháin do Shaoráidí Pobail

Tá sé mar aidhm ag Rannóg Pobail, Cultúir agus Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall freastal ar shaoránaigh Fhine Gall trí shaoráidí a sholáthar chun freastal ar a riachtanais pobail, oideachais, spóirt agus áineasa. Féadtar seomraí cruinnithe agus halla a chur ar fáil do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí chun freastal ar na riachtanais sin ar na coinníollacha seo a leanas:-

1. Cuirtear na seomraí cruinnithe agus an Halla ar fáil le húsáid ar na coinníollacha seo a leanas:
   - Is faoi lánrogha Lucht Bainistíochta Saoráidí Pobail é na saoráidí sin a chur ar fail.
   - Is gá go mbeadh seomra/halla ar fail.
   - Is gá timpeallacht shábháilteacht, chuimsitheach ina léirítear meas ar dhaoine a chruthú a éascóidh gníomhaíochtaí pobail.
   - Is gá seomraí cruinnithe agus hallaí a úsáid ar bhealach nach gcuirfidh isteach, nach gcuirfidh bac ar úsáideoirí/foireann eile san fhoirgneamh agus ina thimpeall agus nach mbeidh baolach dóibh.
   - Is gá inrochtaineacht ar na seomraí cruinnithe agus hallaí a chur chun cinn.

2. Ní bhainfear úsáid as saoráidí pobail Chomhairle Contae Fhine Gall le haghaidh na n-úsáidí seo a leanas:
   - Cúrsaí fiontraíochta nó gnó lasmuigh den chomhthéacs pobail.
   - Ar mhaithe le brabús a dhéanamh, chun airgead a thiomsú nó chun earraí a dheonú lasmuigh den chomhthéacs pobail/carthanachta.
   - Mar sheoladh poist.

3. Déantar áirithintí ar bhonn 'tús freastail ar an iarratas is túisce' agus is féidir iad a dheanamh trí phróiseas iarratais áirithinte le foireann bainistíochta ionad na saoráide.

4. Is gá don iarratasóir téarmaí agus coinníollacha fruillithe an tseomra/halla a shíniú.

5. Ní mheasfar go bhfuil cruinniú ceadaithe go dtí mbeidh an chumarsáid oifigiúil faighte ó lucht bainistíochta na saoráide.

6. Ag gach cruinniú is gá cloí le rialacha lucht bainistíochta na saoráide.

7. Is gá do gach grúpa atá ag úsáid na saoráide árachais a bheith acu agus slánú a dhéanamh ar an Lucht Bainistíochta/Coiste, an Feidhmeannas Comhroinnte agus/nó Comhairle Contae Fhine Gall i gcás gurb iomchuí é.

8. Níor chóir do chruinnithe cur isteach ar ghnáthúsáid na saoráide, a bheith rómhór don seomra, imeacht ó smacht nó a bheith baolach do dhaoine nó don áitreabh.

9. Forchoimeádann bainisteoirí na saoráide, faoina lánrogha, an ceart chun:
   - Glacadh le hiarratais, iarratais a athnuachan nó iarratais a dhiúltú le haghaidh seomraí agus halla a úsáid.
   - Srian a chur le líon na gcruinniú a bheidh ag aon ghrúpa ar leith.

- Uasteorainn a chur ar líon na ndaoine a bhfuil cead acu freastal ar chruinnithe.
- Áirithintí a chur ar ceal. (Déanfaidh foireann na saoráide gach iarracht réamhfhógra a thabhairt i gcás go bhfuil sé i gceist acu áirithint a chur ar ceal).

10. Féadtar cead chun seomra cruinnithe a úsáid a chur ar ceal i gcás go bhfaightear amach gur cuireadh mífhaisnéis ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

11. Trí chead a thabhairt seomra cruinnithe nó halla a úsáid ní thugtar ní hé sin le rá go seasann Comhairle Contae Fhine Gall ná lucht bainistíochta na saoráidí le haidhmeanna, beartais nó gníomhaíochtaí aon ghrúpa nó aon tuairimí arna gcur in iúl ag an gcruinniú.

12. Cuirfidh gach grúpa in iúl cé hé/hí atá i bhfeighil – agus is gá don té slánaithe sin a beith i láthair ag gach cruinniú. Cuirfidh an té i bhfeighil é/í féin ar an eolas faoi na gnáthaimh aslonnaithe éigeandála don seomra cruinnithe áirithe agus beidh sé/sí freagrach as aslonnú sábháilte gach duine atá ag freastal ar an gcruinniú.

13. Comhlíonfaidh gach duine atá ag freastal ar an gcruinniú gach iarratas a dhéanfadh ball foirne, go háirithe i gcás go dtabharfaí treoir dóibh an foirgneamh a aslonnú.

14. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar úsáid an tseomra ar mhaithe le cothroime agus cuimsitheacht gach úsáideora laistigh de limistéar Fhine Gall.

Céadfhoilsithe in 2014